# Sábháilteacht leanaí ar líne

## MIONAOISIGH A CHOSAINT AGUS A CHUMASÚ I SAOL DIGITEACH

**TUARASCÁIL Ó CHOMHCHATHAOIRLIGH AN PHAINÉIL SPEISIALTA MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT LEANAÍ AR LÍNE**

An tOll.. Dr. Jörg M. Fegert agus an Dr. Maria Melchior



## Brollach

I mí an Mhárta 2026, chuir Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh Ursula von der Leyen de chúram ar bheirt Chomhairleoirí Speisialta - an tOllamh Dr. Jörg M. Fegert agus an Dr Maria Melchior - comhchathaoirleacht a dhéanamh ar an bPainéal Speisialta maidir le sábháilteacht leanaí ar líne agus srianta aoise a d'fhéadfadh a bheith ar úsáid na meán sóisialta. Iarradh ar na Comhchathaoirligh tuarascáil a scríobh maidir le torthaí an phainéil agus comhairle a thabhairt maidir leis an gcur chuige is fearr don Eoraip chun an saol ar líne a dhéanamh níos sábháilte do leanaí.

Luaigh Uachtarán an Choimisiúin an painéal den chéad uair in Aitheasc 2025 ar Staid an Aontais, agus thug sé le chéile acadóirí ardleibhéil, cleachtóirí, ionadaithe óige agus tuismitheoirí agus speisialtóirí eile ó réimsí éagsúla ar fud na hEorpa chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na meán sóisialta ar mhionaoisigh.

'*Agus san obair seo ar fad beimid á treorú ag an ngá atá ann tuismitheoirí a chumasú agus Eoraip níos sábháilte a thógáil dár leanaí.* ***Mar, a mhéid a bhaineann le sábháilteacht ár leanaí ar líne, creideann an Eoraip i dtuismitheoirí, seachas i mbrabúis****.'*

*Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen*

*Aitheasc 2025 ar Staid an Aontais*

Tháinig an Painéal Speisialta le chéile trí huaire agus bhí speisialtóirí éagsúla páirteach ann gach uair. Tionóladh an chéad Phainéal Speisialta an 5 Márta 2026 agus scrúdaigh sé an fhianaise eolaíoch atá ann cheana maidir le tionchar na meán sóisialta, agus ar bhonn níos leithne an timpeallacht dhigiteach, ar leanaí agus ar ógánaigh.

Tionóladh an dara Painéal Speisialta an 16 Aibreán 2026 agus phléigh sé reachtaíocht agus uirlisí an Aontais atá ann cheana, agus cineálacha cur chuige beartais náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar shábháilteacht leanaí ar líne. Tháinig an tríú Painéal Speisialta le chéile an 16 Meitheamh 2026 agus dhírigh sé ar cineálacha cur chuige beartais náisiúnta agus ar mholtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh chun leanaí agus ógánaigh a chosaint agus a chumasú sa saol digiteach.

I measc na bpríomhthopaicí a pléadh le linn na bpainéal, bhí na nithe seo a leanas:

- Na gnéithe dearfacha agus diúltacha a bhaineann le srianta aoise a thabhairt isteach le haghaidh na meán sóisialta agus le haghaidh seirbhísí digiteacha eile;
- Cineálacha cur chuige saincheaptha chun mionaoisigh a chumasú ar bhonn aoisghrúpaí, cúlra socheacnamaíoch agus rioscaí aois-sonracha;
- Sábháilteacht trí dhearadh/réamhshocrú agus freagracht na meán sóisialta agus soláthraithe seirbhísí digiteacha eile;

- Bearta oideachais agus feasachta chun úsáid fhreagrach ar líne a chur chun cinn i measc leanaí agus ógánach, tuismitheoirí agus cúramóirí, múinteoirí agus oideoirí;
- Bealaí chun tacú le tuismitheoirí agus le hoideoirí, agus chun leanaí agus ógánaigh a chumasú deiseanna an tsaoil dhigitigh a thapú.

Tá anailís agus moltaí na tuarascála seo bunaithe ar rannchuidithe ríthábhachtacha ó ghrúpa éagsúil speisialtóirí ar tugadh cuireadh dóibh chuig gach cruinniú den phainéal agus chuig go leor cruinnithe breise le hionadaithe na mBallstát, go háirithe na cruinnithe a d'óstaigh Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus Lucsamburg (Cruinniú Aireachta D9+), tríú tíortha (lena n-áirítear an Astráil agus an Bhrasaíl), Parlaimint na hEorpa agus a Comhaltaí, go háirithe an tIdirghrúpa um Chearta Leanaí; an earnáil tionsclaíoch, an tsochaí shibhialta, meithleacha machnaimh, agus eagraíochtaí eile, lena n-áirítear Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta de chuid na Náisiún Aontaithe agus an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí (BECS).

Tar éis na n-idirghníomhaíochtaí sin agus ar bhonn na fianaise a bailíodh, d'fhorbair na Comhchathaoirligh a moltaí. Cé gurb iad na Comhchathaoirligh amháin atá freagrach as na moltaí, tá a gcuid oibre go mór faoi chomaoin ag ionchur saineolaithe cáiliúla eile, ionadaithe tuismitheoirí agus óige, agus ag an saineolas a chuireann an Coimisiún Eorpach ar fáil.

Tá sé beartaithe leis an tuarascáil bonn eolais a chur faoi ghníomhaíochtaí amach anseo atá le moladh ag an gCoimisiún Eorpach agus ag Ballstáit an Aontais chun sábháilteacht leanaí ar líne a threisiú. Leis an measúnú anailíseach neamhspleách seo, cuirtear moltaí agus inspioráid ar fáil do leanaí agus ógánaigh, tuismitheoirí agus cúramóirí, múinteoirí agus oideoirí, agus soláthraithe meán sóisialta agus seirbhísí digiteacha eile maidir le conas mionaoisigh a chosaint agus a chumasú ar líne.

**Bosca: Raon feidhme agus téarmaíocht**

Ba é an príomhchúram, mar a d'fhorordaigh an tUachtarán von der Leyen, go bpléifeadh an Painéal Speisialta sábháilteacht leanaí ar líne agus srianta aoise a d'fhéadfadh a bheith ar úsáid na meán sóisialta. Cé go gcloíonn raon feidhme na tuarascála seo leis an gcúram sin, leis an bplé atá ag teacht chun cinn le linn chruinnithe an Phainéil Speisialta agus forbairtí polaitiúla eile (mar shampla, Glao Cheannairí G7 an 17 Meitheamh 2026 maidir le spás digiteach níos sábháilte do mhionaoisigh), léirítear gur gá do na Comhchathaoirligh an téarmaíocht a úsáidtear sa tuarascáil seo a bheachtú.

Gan dochar d’aon ghníomh dlí idirnáisiúnta, aon ghníomh dlí ón Aontais nó aon ghníomh dlí náisiúnta, úsáidtear na téarmaí agus na sainmhínithe comhfhreagracha seo a leanas ar fud na tuarascála seo:

- **Na meáin shóisialta agus seirbhísí digiteacha eile (i mbeagán focal, na meáin shóisialta+)** – Faoi raon feidhme na tuarascála seo, úsáidtear na téarmaí ‘na meáin shóisialta+’ agus ‘na meáin shóisialta agus seirbhísí digiteacha eile’ chun sainmhíniú leathan a thabhairt ar sheirbhísí a d’fhéadfadh a bheith ar fáil do mhionaoisigh agus ina bhfuil gnéithe atá mí-oiriúnach ó thaobh aoise de agus/nó a bhfuil riosca ag baint leo (mar shampla, gnéithe andúile agus díobhálacha, lena n-áirítear scrolláil gan teorainn, uathsheinm, algartaim mholta agus fógraí leanúnacha) agus/nó ábhar. Áirítear ar sholáthraithe meán sóisialta agus seirbhísí digiteacha eile ardáin ar líne a fheidhmíonn mar idirghabhálaithe ábhair ó thríú páirtithe, amhail na meáin shóisialta, chomh maith le siopaí aipeanna. Áirítear freisin córais intleachta saorga (IS) lena mbaineann rioscaí do shábháilteacht agus d’fhorbairt mionaoiseach, mar shampla compánaigh IS, físchluichí lena nochtar leanaí do chleachtais tráchtála dhíobhálacha nó do theagmhálacha contúirteacha, agus ardáin comhroinnte físeán lena gcumasaítear rochtain atá mí-oiriúnach ó thaobh aoise de ar mhionaoisigh.
- **Mionaoisigh, leanaí agus ógánaigh** – Gan dochar d’úsáid an téarma ‘leanaí’ arna sainiú go dlíthiúil (mar shampla, i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh), áitítear sa tuarascáil seo go mbeadh cur chuige forbarthach ann maidir le mionaoisigh a chosaint ar líne, lean dtugtar aghaidh ar na rioscaí agus na leochaileachtaí dá nochtar ag aoiseanna éagsúla. Chun críoch na hanailíse seo, úsáideann na húdair an téarma ‘mionaoisigh’ chun tagairt a dhéanamh do gach leanbh agus ógánach atá faoi bhun 18 mbliana d’aois (an aois ag a mbíonn lán-aois bainte amach acu). Baineann an téarma ‘ógánaigh’ le gach mionaoiseach ó 13 bliana d’aois go 18 mbliana d’aois. Baineann an téarma ‘leanaí’ le gach mionaoiseach faoi bhun 13 bliana d’aois. Baintear úsáid sa tuarascáil seo as an téarma ‘cearta leanaí’ chun tagairt a dhéanamh do chearta gach linbh faoi bhun 18 mbliana d’aois, mar a shainmhínítear i dtéacsanna dlí. Úsáidtear an téarma ‘sábháilteacht leanaí ar líne’, mar a luaitear i sainordú phróiseas an Phainéil Speisialta, mar scáth-théarma maidir le mionaoisigh a chosaint agus a chumasú sa saol digiteach.

# Réamhrá: Ag fás aníos go sábháilte i saol na meán sóisialta+

Mar gheall ar dhul chun cinn tapa na dteicneolaíochtaí digiteacha, tá athrú ó bhonn tagtha ar an gcaoi a bhfásann leanaí agus ógánaigh aníos, ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn siad lena bpiaraí, lena dtuismitheoirí, lena múinteoirí agus leis an domhan mórthimpeall orthu. An tráth céanna, tá gníomhaíochtaí sa saol as líne ríthábhachtach i gcónaí don fhoghlaim, lena gcothaítear caidrimh agus eispéiris fhiúntacha lena múnlaítear forbairt mionaoiseach.

**Cuireann saol na meán sóisialta+ roinnt deiseanna ar fáil** do leanaí agus d'ógánaigh foghlaim, nascadh, páirt a ghlacadh agus cruthú. Mar sin féin, ní mór oideachas a chur ar mhionaoisigh agus iad a chumasú chun na deiseanna sin a thapú chun barr a gcumais a bhaint amach.

D'ainneoin sin, **tá roinnt rioscaí ag baint le spásanna na meán sóisialta+** d'fhorbairt shláintiúil agus d'fholláine mionaoiseach. Áirítear sa mhéid sin rioscaí maidir le húsáid iomarcach mar gheall ar ghnéithe andúile, ionadú gníomhaíochtaí atá fabhrach ó thaobh na forbartha de, nochtadh d'ábhar díobhálach agus teagmhálacha míchuí ar líne. Méadaítear na rioscaí sin le teacht chun cinn teicneolaíochtaí nua agus tá gá le roghanna atá misniúil ach cúramach chun leanaí agus ógánaigh a chosaint ar líne.

Mar gheall ar ghlacadh forleathan na meán sóisialta agus seirbhísí digiteacha eile, **tá an-imní ar lucht déanta beartas agus ar thuismitheoirí faoi na bagairtí atá roimh leanaí agus roimh ógánaigh ar líne.** Cé gur cáineadh srianta aoise maidir le rochtain ar na meáin shóisialta agus ar sheirbhísí digiteacha eile, **d'fhéadfadh sé gur céim réamhchúraim riachtanach iad** go dtí go léireofar go bhfuil spásanna na meán sóisialta+ sábháilte le go mbeidh rochtain ag leanaí agus ógánaigh orthu nó go dtí go dtiocfaidh roghanna malartacha sábháilte chun cinn.

Ní bhaineann srianta aoise le freagracht a chur ar thuismitheoirí agus ar chúramóirí ná ar leanaí agus ar ógánaigh iad féin go príomha as sábháilteacht mionaoiseach ar líne. Ní bhaineann siad ach oiread le soláthraithe a scaoileadh gan mhilleán. **Is ar sholáthraithe meán sóisialta agus seirbhísí digiteacha eile atá an phríomhfhreagracht as sábháilteacht na seirbhísí a fhorbraíonn siad agus a sholáthraíonn siad.**

Ní mór an dualgas cruthúnais a bheith ar sholáthraithe, ní ar rialálaithe, ar thuismitheoirí ná ar leanaí. **Go dtí go léireoidh soláthraithe meán sóisialta agus seirbhísí digiteacha eile go bhfuil a gcuid seirbhísí sábháilte trí dhearadh, ba cheart rochtain shrianta a bheith acu ar leanaí faoi bhun 13 bliana d'aois san Aontas.** Sa bhreis ar shrianta uile-Aontais, féadfaidh na Ballstáit tuilleadh srianta aoise réamhchúraim a thabhairt isteach i gcás ógánaigh atá níos sine ná 13 bliana d'aois.

**Is bearta láithreacha iad srianta aoise réamhchúraim chun an sprioc fhadtéarmach a bhaint amach, is é sin a áirithiú go bhfuil spásanna na meán sóisialta+ sábháilte do mhionaoisigh trí athrú cultúrtha a chur chun cinn**. Léirítear sna torthaí luatha ó thíortha a thug isteach cosc aoise iomlán ar rochtain ar na meáin shóisialta go n-aimsíonn formhór na mionaoiseach bealach chun dul timpeall ar na beartais sin. An tráth céanna, tharraing roinnt mionaoiseach siar ó na meáin shóisialta chontúirteacha agus ó sheirbhísí digiteacha contúirteacha eile agus tá níos mó ama acu anois le haghaidh gníomhaíochtaí as líne (amhail spórt agus idirghníomhaíochtaí sóisialta san fhíorshaol). Léirítear leis an méid sin gur féidir athrú forásach a dhéanamh a bhaineann le gnásanna na húsáide a bhaineann mionaoisigh as na meáin shóisialta+ agus nach mór an t-athrú sin a aithint.

**Mar sin féin, tógann sé tamall an t-athrú a dhéanamh.** Mar shampla, d'fhorbair dearcthaí sochaíocha i ndáil leis an toirmeasc reachtach ar phionós corpartha san oideachas thar níos mó ná glúin (sa Ghearmáin agus sa tSualainn, cuir i gcás). Leis an toirmeasc ar phionós corpartha, soiléiríodh na hionchais do thuismitheoirí, cúramóirí, múinteoirí agus oideoirí, agus feabhsaíodh rannpháirtíocht an lucht féachana chun tógáil neamhfhoréigneach mionaoiseach a áirithiú. Léiríodh rath an bhirt sin leis na treochtaí dearfacha agus le meastóireacht leanúnach ó tugadh isteach é.

**Bheadh gá le hathrú ar dhearcadh na sochaí freisin chun go mbeadh srianta aoise éifeachtúil.** Le meastóireacht leanúnach agus faireachán fadtéarmach, is féidir cuidiú le lucht déanta beartas a thuiscint an dtiocfaidh athrú ar nósanna mionaoiseach agus a dtuismitheoirí, a gcúramóirí agus a n-oideoirí le himeacht ama.

Agus leanaí agus ógánaigh ag fás aníos i saol na meán sóisialta+ sa lá atá inniu ann, ní mór dóibh a bheith in ann saol sláintiúil sásúil a bheith acu, agus tairbhe a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis na meáin shóisialta agus seirbhísí digiteacha eile ar fáil. **Tá feidhm ag cearta leanaí ar líne díreach mar atá feidhm acu as líne** – ón gceart a bheith sábháilte agus cosanta ar dhúshaothrú eacnamaíoch agus ar choireacht de gach cineál (go háirithe foréigean gnéasach), go dtí an ceart rochtain a fháil ar fhaisnéis, ar oideachas agus ar fhóillíocht.

*'Le blianta fada anuas, táimid ag obair chun an fíorshaol a dhéanamh níos sábháilte do leanaí agus ní mór dúinn an rud céanna a dhéanamh sa saol digiteach. Na deiseanna dearfacha a bhaineann leis an teicneolaíocht, ní féidir leo difear a dhéanamh dá sábháilteacht, dá sláinte, ná dá sonas.'*

*Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen*


**Tá sé de cheart ag leanaí fás aníos i dtimpeallacht atá sábháilte agus fabhrach dá bhforbairt, sa saol ar líne agus as líne araon**. Cé gur cheart leanúint de thacaíocht a thabhairt do mhionaoisigh as líne, ní mór dúinn a aithint freisin go bhfuil

timpeallachtaí ar líne ag éirí níos tábhachtaí mar chuid de shaol laethúil mionaoiseach. Is é sin an fáth nach mór cosaint a áirithiú mar réamhshocrú ar fud na meán sóisialta uile agus seirbhísí digiteacha eile.

Ní mór cearta leanaí an bheith mar bhonn agus mar thaca ag bearta sábháilteachta leanaí ar líne. Ní mór cearta leanaí a urramú go hiomlán le srianta aoise a d’fhéadfadh a bheith ann, agus ní mór dóibh a bheith comhréireach agus cothrom i gcoinne leas leanaí. Ní mór na modhanna a úsáidtear chun é sin a bhaint amach a bheith ag coinneáil suas le forbairtí teicneolaíochta.

Cé gurb iad na soláthraithe meán sóisialta agus seirbhísí digiteacha eile is mó atá freagrach as sábháilteacht a gcuid seirbhísí, go háirithe i gcás mionaoiseach, **tá gá le héiceachóras gníomhaithe chun leanaí agus ógánaigh a chosaint agus a chumasú i dtimpeallacht na meán sóisialta+.** Ó rialálaithe ar gá dóibh na bearta is gá a chur i bhfeidhm, go soláthraithe a thairgeann seirbhísí atá sábháilte agus oiriúnach ó thaobh aoise de, go tuismitheoirí, cúramóirí, múinteoirí agus oideoirí a bhfuil ról lárnach acu maidir le maoirseacht agus treoir a thabhairt maidir le húsáid ar líne mionaoiseach. De réir mar a aibíonn mionaoisigh agus de réir mar a thagann athrú tapa ar thimpeallachtaí na meán sóisialta+, **braitheann rath an éiceachórais ar ghníomhaíochtaí idirnasctha na ngníomhaithe uile** a bhfuil an fhís chéanna acu: leanaí agus ógánaigh a bheith ag fás aníos go sábháilte i saol digiteach.

**Fíor 1: Éiceachóras chun mionaoisigh a chosaint agus a chumasú ar líne**



## Móiminteam polaitiúil a mhéadú chun sábháilteacht leanaí ar líne a neartú

Léiríodh le roinnt míonna anuas go bhfuil sábháilteacht leanaí ar líne ag éirí ina tosaíocht pholaitiúil ar fud an domhain. **Tar éis don Astráil 'moill ar na meáin shóisialta' a thabhairt isteach, a chur chun feidhme agus meastóireacht leanúnach a dhéanamh uirthi, tá ceachtanna tábhachtacha curtha ar fáil don chuid eile den domhan.** Rinne tíortha eile, amhail an Ríocht Aontaithe agus Ceanada, amhlaidh le tograí reachtacha beartaithe, agus tá toirmeasc glactha ag an Indinéis cheana féin.

**Tugtar le fios i dtuarascáil a rinneadh le déanaí go gceapann 92 % de mhuintir na hEorpa gur cheart é a bheith ina thosaíocht ag an Aontas cosaint leanaí agus daoine óga ar líne a neartú[i].**

Tá ceannairí na hEorpa ag tabhairt aghaidh ar an tsaincheist freisin. Is comharthaí soiléire iad Dearbhú na hIútlainne[ii] i mí Mheán Fómhair 2025 agus an rún ó Pharlaimint na hEorpa ina n-iarrtar aois íosta dhigiteach uile-Aontais[iii], bunú an Phainéil Speisialta maidir le sábháilteacht leanaí ar líne ag an Uachtarán von der Leyen, agus na conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach le déanaí[iv] go bhfuil móiminteam polaitiúil ag dul i méid chun céimeanna nithiúla a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí méadaitheacha atá roimh leanaí ar líne.

I mí an Mheithimh 2026, den chéad uair riamh, tháinig G7 – lena n-áirítear Ceanada, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Ríocht Aontaithe, an Seapáin, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tAontas Eorpach – ar chomhaontú ar an leibhéal polaitiúil is airde maidir le prionsabail choiteanna chun mionaoisigh a chosaint ar sheirbhísí digiteacha a bhfuil rioscaí ag baint leo[v].

Thairis sin, **tá roinnt Ballstát ag rith reachtaíochta chun aois íosta a bhunú chun rochtain a fháil ar na meáin shóisialta agus ar sheirbhísí digiteacha eile** a d'fhéadfadh leanaí agus déagóirí a nochtadh do dhíobháil. Mar shampla, tá teorainn 15 bliana d'aois á moladh ag an bhFrainc faoi láthair, ar bhonn dúliosta de sheirbhísí srianta. Tá teorainn 15 bliana d'aois á beartú ag an nGréig le haghaidh seirbhísí líonraithe shóisialta. Tá teorainn á meas ag an Danmhairg le haghaidh mionaoisigh atá faoi bhun 16 bliana d'aois, agus tá an rogha ann an aois a ísliú má thugtar toiliú tuismitheora. Tá teorainn á beartú ag an tSualainn atá bunaithe ar an mbliain ina mbaineann an leanbh 15 bliana d'aois amach, agus tá roinnt cineálacha seirbhísí díolmhaithe. Tá go leor tíortha eile, ón bPortaingéil agus Spáinn go dtí an Ghearmáin agus an Pholainn, ag smaoineamh ar reachtaíocht a rith ar an ábhar sin.

Sa chomhthéacs sin, tá fíor-riosca ag baint le hilroinnt mhargadh aonair seirbhísí digiteacha na hEorpa. I bhfianaise an mhéid sin, tá go leor Ballstát ag iarraidh go dtabharfaí aghaidh ar an ábhar ar leibhéal an Aontais. Ba cheart a aithint go bhfuil comhthéacsanna cultúrtha agus náisiúnta éagsúla ag na Ballstáit maidir le hoideachas, litearthacht dhigiteach agus cosaint mionaoiseach. D'fhéadfadh leibhéil

éagsúla cosanta a bheith ag mionaoisigh ar fud an Aontais mar thoradh ar ilroinnt. Chiallódh sé sin freisin go bhféadfadh castachtaí praiticiúla a bheith roimh rialálaithe maidir le forfheidhmiú agus soláthraithe a bhfuil costais chomhlíontachta níos airde acu. D'fhéadfadh éifeachtaí iarmhartacha a bheith aige sin ar fhorbairt na meán sóisialta agus seirbhísí digiteacha eile atá níos sábháilte agus ar éifeachtacht na ndlíthe sábháilteachta ar líne.

Tá gníomhaíocht nithiúil déanta ag an Aontas cheana féin chun mionaoisigh a chosaint. Le cinntí a rinne an Coimisiún Eorpach le déanaí, leagadh béim ar an ngá atá ann aghaidh a thabhairt ar na bagairtí atá roimh leanaí agus ógánaigh ar líne le fianaise nithiúil. Is samplaí soiléire iad na réamhthorthaí i gcoinne Meta agus TikTok as mainneachtain líomhnaithe na hardchaighdeáin a chomhlíonadh maidir le mionaoisigh a chosaint ar líne a cheanglaítear faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD) agus as mainneachtain sásraí atá inrochtana go héasca a sholáthar chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a mharcáil. Thairis sin, ba chor cinniúnach stairiúil iad na cinntí cinniúnacha a rinne cúirteanna na Stát Aontaithe le déanaí sa díospóireacht maidir le dliteanas ardán.

## Cuntas gairid ar mhionaoisigh a chosaint ar líne

Tá iarrachtaí chun leanaí agus ógánaigh a chosaint ar líne chomh sean céanna leis an idirlíon agus tagann siad as am roimh na meáin shóisialta, roimh ghutháin chliste agus roimh IS. Leagadh síos bonn rialacha an lae inniu chun mionaoisigh a chosaint ar líne sna 1990í agus go luath sna 2000í, agus ceapadh na dlíthe chun cur ar chumas seirbhísí agus gnólachtaí a bheith ag oibriú agus ag malartú faisnéise thar theorainneacha. Cé nár ceapadh na rialacha sin chun leanaí agus ógánaigh a chosaint ar líne amháin, bunaíodh leo go leor de na prionsabail a leanann de bheith mar bhonn taca leis an reachtaíocht atá ann faoi láthair i dtrí réimse.

Ar an gcéad dul síos, le rialáil na meán agus na seirbhísí digiteacha sa mhargadh inmheánach tugadh isteach rialacha comhchoiteanna maidir le seirbhísí teilifíse ar fud na hEorpa, lena n-áirítear coimircí i gcoinne ábhar a d'fhéadfadh a bheith díobhálach do mhionaoisigh. Leis an gcéad chreat comhchuibhithe le haghaidh seirbhísí ar líne nó 'Seirbhís Sochaí Faisnéise' (faoin Treoir maidir le Tráchtáil Leictreonach) tacaíodh freisin le forbairt seirbhísí trasteorann ar líne laistigh den Aontas.

Is é an dara réimse na rialacha maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas, ag tosú le caighdeáin choiteanna Threoir 1995 um Chosaint Sonraí le haghaidh bailiú agus úsáid sonraí pearsanta ar fud na mBallstát.

Ar an tríú dul síos agus ar deireadh, tá cosaint tomhaltóirí i gceist. Le rialacha comhchoiteanna an Aontais, téitear i ngleic le cleachtais tráchtála mhíthreoracha agus ionsaitheacha. Aithnítear leis na rialacha sin go bhfuil cosaint bhreise de dhíth ar thomhaltóirí leochaileacha, ar prionsabal nach beag é sa timpeallacht dhigiteach. Áirítear leis sin cásanna ina nochtar leanaí agus ógánaigh do chleachtais tráchtála a

d'fhéadfadh difear a dhéanamh dóibh ar bhealach éagsúil leis an difear a ndéanfaí do dhaoine fásta.

De réir mar a rinneadh teicneolaíochtaí digiteacha a leabú go domhain sa saol laethúil, lean an tAontas de na creataí dlíthiúla sin a thabhairt cothrom le dáta chun freagairt do dhúshláin nua. Leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) tugadh isteach cosaintí sonracha chun sonraí pearsanta agus toiliú leanaí ar líne a chosaint. Rinneadh Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc a leathnú chun cineálacha nua ábhair closamhairc agus ardán comhroinnte físeán a chumhdach. Ar deireadh, leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha bunaíodh rialacha maidir le seirbhísí idirghabhálacha ar líne chun na críche sonraí mionaoisigh a chosaint.

**Léirítear treocht níos leithne leis an bhforbairt sin: ní oireann teicneolaíochtaí digiteacha go beacht do chatagóir rialála nó dhlíthiúil amháin.** Leis na meáin shóisialta agus seirbhísí digiteacha eile comhcheanglaítear gnéithe de na meáin, den chumarsáid, den tráchtáil agus den phróiseáil sonraí, agus tarlaíonn sé sin go minic laistigh den ardán céanna. Mar thoradh air sin, ní mór cur chuige éifeachtach maidir le mionaoisigh a chosaint ar líne a bheith iomlánaíoch, agus leas á bhaint as ionstraimí i roinnt réimsí de dhlí an Aontais, lena n-áirítear rialáil ardán, cosaint sonraí, cosaint tomhaltóirí, agus rialáil na meán closamhairc.

Le forbairt agus leathadh amach tapa na hintleachta saorga, déantar na rioscaí do mhionaoisigh ar líne a ghéarú go mór. In éineacht leis sin, tá forbairt leanúnach na meán sóisialta agus seirbhísí digiteacha eile chun rannpháirtíocht úsáideoirí i 'ngeilleagar airde' an lae inniu a ghabháil agus a choinneáil. Is mó ná riamh an gá atá ann do rialálaithe gníomhú chun cosaint mionaoiseach a neartú agus chun iad a chumasú chun dul i ngleic go sábháilte le saol na meáin shóisialta+.

## An fhianaise maidir leis na rioscaí agus na deiseanna atá ann do mhionaoisigh ar líne

Mar gheall ar athrú tapa teicneolaíoch, tá deiseanna urghnácha ann do leanaí malartú le piaraí, a gcruthaitheacht a chur in iúl, agus rochtain a fháil ar eolas agus ar thacaíocht. Mar sin féin, ní daoine fásta iad leanaí, agus nochtaítear iad do rioscaí éagsúla dá sláinte fhisiciúil agus mheabhrach agus dá bhforbairt ag aoiseanna éagsúla le timpeallacht na meán sóisialta+. Bíonn tionchair chinntitheacha freisin ag tosca socheacnamaíocha agus aonair, amhail cúlra teaghlaigh agus inscne, chomh maith le dearadh na meán sóisialta agus seirbhísí digiteacha eile.

**Tá fianaise láidir maidir leis an gcaoi a mbaineann rioscaí agus díobhálacha leis na meáin shóisialta agus le seirbhísí digiteacha eile ríthábhachtach chun bonn eolais a chur faoi ghníomhaíochtaí iomchuí chun mionaoisigh a chosaint agus a chumasú ar líne**. D'fhéadfadh gnéithe, feidhmiúlachtaí nó formáidí sonracha a chuirtear chun feidhme sna meáin shóisialta+ a bheith díobhálach go pointe éagsúil, ag brath ar imthosca sóisialta agus pearsanta linbh nó ógánaigh. Mionaoisigh ar de ghrúpaí mionlaigh ciniúla, eitneacha agus reiligiúnacha iad, daoine den phobal

LADTIA+, iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu nó a bhfuil riochtaí meabhairshláinte orthu cheana féin, d'fhéadfadh siad a bheith an-leochaileach ó thaobh díobháil ar líne. Ar ndóigh, formhéadaítear an leochaileacht sin leis na meáin shóisialta agus seirbhísí digiteacha eile ag a mbíonn ábhar nó dearaí díobhálacha, ionramhálacha nó andúile. De réir mar a thagann forbairt ar na gnéithe sin, ba cheart taighde agus bailiú fianaise a fhorbairt freisin.

**Is fairsing iad na rioscaí sláinte fisiciúla agus meabhairshláinte a bhaineann leis na meáin shóisialta agus le seirbhísí digiteacha eile do mhionaoisigh**. I dtéarmaí na sláinte coirp, tagann an iomarca ama scáileáin in ionad súgartha agus spóirt amuigh faoin aer agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar shláinte, ar aclaíocht agus ar chodladh leanaí. Trí úsáid a bhaint as na meáin shóisialta+ agus as gairis ag aois óg, tagann an úsáid sin in áit taiscéalaíochta praiticiúla agus idirghníomhaíochtaí sóisialta pearsanta. D'fhéadfadh sé sin difear a dhéanamh d'fhorbairt shochmhothúchánach agus do shoghabháltacht i leith fadhbanna meabhairshláinte. Féadfar fadhbanna a spreagadh le húsáid gaireas ar feadh i bhfad freisin, amhail saincheisteanna matánchnámharlaigh agus tuirse súl dhigiteach.

Is mór iad na rioscaí meabhairshláinte do leanaí a bhaineann le húsáid na meán sóisialta agus seirbhísí digiteacha eile. Na rioscaí a bhaineann le timpeallacht na meán sóisialta+ a dhéanann dochar díreach do mheabhairshláinte leanaí, trasnaíonn siad leis an bhféidearthacht cur le saincheisteanna meabhairshláinte atá ann cheana, lena n-áirítear dúlagar agus imní. Sa chás sin freisin, is iad tosca sóisialta agus aonair a chinneann nochtadh leanaí agus déagóirí do rioscaí.

Go ginearálta, baineann ardúsáid na meán sóisialta agus seirbhísí digiteacha eile i measc leanaí agus ógánach le fadhbanna codlata agus airde, agus le rátaí méadaithe dúlagair agus imní. Méadaítear na héifeachtaí sin le gnéithe dearaidh andúile trí sheiceáil éigeantach, 'an eagla go gcaillfí amach ar rud éigin' (FOMO i mBéarla) agus comparáid shóisialta mhéadaithe a spreagadh. Féadtar féinmheas mionaoiseach a chreimeadh agus strus a mhéadú leis an méid sin. D'fhéadfadh aimpliú algartamach agus córais mholtóra an bhréagaisnéis agus an fhuathchaint a chur chun tosaigh. Déantar díobháil láidir leis na héifeachtaí sin go háirithe do ghrúpaí leochaileacha ar líne.

**Is suntasach iad na rioscaí go nochtar mionaoisigh d'ábhar coiriúil agus neamhdhleathach ar líne.** Baineann daoine fásta agus mionaoisigh araon leas d'aon ghnó as na meáin shóisialta agus as seirbhísí digiteacha eile, lena n-áirítear ardáin chluichíochta, chun dul i dteagmháil le leanaí agus le hógánaigh. I measc na rioscaí tá nochtadh do mhí-úsáid ghnéasach leanaí, mealltóireacht (ábhar a bhaineann léi), cibearbhulaíocht, radacú agus gríosú chun gníomhartha neamhdhleathacha, foréigneacha nó sceimhlitheoireachta a dhéanamh. Le húsáid fhorleathan uirlisí intleachta saorga, cruthaítear bagairtí tromchúiseacha do leanaí agus d'ógánaigh ó ábhar sintéiseach mí-úsáide gnéasaí leanaí a tháirgeadh (mar shampla, ábhar domhainbhrionnaithe). Bíonn éifeachtaí ollmhóra ag na mí-úsáidí sin ar fhorbairt

mionaoiseach, ar a meabhairshláinte agus ar a sláinte fhisiciúil, agus – sna cásanna is tromchúisí – d'fhéadfaidís bás a fháil dá ndeasca.

**Is iad na soláthraithe meán sóisialta agus seirbhísí digiteacha eile is mó atá freagrach as mionaoisigh a choinneáil sábháilte ar a gcuid seirbhísí.** Ina theannta sin, tá róil thábhachtacha ag tuismitheoirí agus ag cúramóirí maidir le maoirseacht a dhéanamh ar am leanaí agus ógánach ar líne, agus maidir le mionaoisigh a threorú chun aghaidh a thabhairt le chéile ar na rioscaí atá rompu i dtimpeallachtaí na meán sóisialta+. Tá sé ríthábhachtach gníomhaíochtaí leordhóthanacha as líne agus idirghníomhaíochtaí san fhíorshaol a áirithiú ag gach aois.

D'ainneoin an iliomad díobhála a d'fhéadfadh a bheith ann, **tá go leor deiseanna ar fáil do leanaí agus d'ógánaigh mar gheall ar shaol na meán sóisialta+**. Nuair a chuirtear ar chumas mionaoiseach a bheith ag idirghníomhú go sábháilte ar líne agus scileanna digiteacha láidre a bheith acu, is féidir le húsáid na meán sóisialta agus seirbhísí digiteacha eile dul chun tairbhe na folláine agus na nascachta sóisialta, agus líonraí piaraí tacúla, deiseanna le haghaidh féinléiriú, rannpháirtíocht shibhialta agus foghlaim neamhspleách a sholáthar. Le tionscnaimh scileanna digiteacha spriocdhírithe - amhail Idirlíon Níos Fearr do Leanaí, Ionaid um Idirlíon Níos Sábháilte, agus leabú litearthacht sna meáin i gcuraclaim náisiúnta oideachais agus oiliúna náisiúnta – léiríodh gur féidir feabhas a chur leo ar smaointeoireacht chriticiúil, athléimneacht in aghaidh na bréagaisnéise, agus cumas na mionaoiseach nascleanúint shábháilte a dhéanamh ar líne.

**D'fhéadfadh na meáin shóisialta agus seirbhísí digiteacha eile atá 'sábháilte trí dhearadh' rannchuidiú le cumasú agus rannpháirtíocht leanaí agus ógánach ar líne** trí thacú le foghlaim scileanna digiteacha agus litearthachta sna meáin. Le hoideachas digiteach atá oiriúnach ó thaobh aoise de a chuireann scoileanna ar fáil le tacaíocht ó thuismitheoirí agus ó chúramóirí, d'fhéadfaí mionaoisigh a ullmhú freisin chun deiseanna an tsaoil ar líne a thapú agus chun rioscaí agus díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann a bhainistiú.

## An gá atá le haghaidh a thabhairt ar rioscaí aois-sonracha

De réir mar a fhásann leanaí aníos agus de réir mar a éiríonn siad níos neamhspleáiche, tagann laghdú ar chumas tuismitheoirí maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí leanaí ar líne. Tá ról an tionchair piaraí ag dul i méid. Le linn na hógántachta, de réir mar a bhaineann mionaoisigh lán-aois amach, éiríonn siad níos uathrialaithí maidir lena n-úsáid ar líne agus is fearr is féidir leo na rioscaí a bhfuil siad neamhchosanta orthu ar líne a thuiscint agus dul i ngleic leo. Ar ndóigh, tá riachtanais éagsúla ag duine atá 3 bliana d'aois agus duine atá 16 bliana d'aois. Cuireann sé sin i bhfios go láidir **a thábhachtaí atá cur chuige atá íogair ó thaobh na forbartha de maidir le sábháilteacht leanaí ar líne** agus é á chur i bhfeidhm againn sa tuarascáil seo, **trí idirdhealú a dhéanamh idir aoisghrúpaí éagsúla**:

**Agus leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois**, bíonn siad ag fulaingt go príomha ó rioscaí coibhneasta agus ó ‘thrasnaíl teicneolaíochta’[1] mar úsáideoirí éighníomhacha ar líne. Eascraíonn rioscaí den chuid is mó as cúramóirí a bheith ag cur am scáileán in áit idirghníomhaíochta dírí chun leanaí beaga a ‘shuaimhniú’ nó chun a n-aird a atreorú. D’fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar réimse airde, sealbhú teanga agus forbairt shochmhothúchánach leanaí.

**Bíonn leanaí idir 3 bliana d’aois agus 5 bliana d’aois**, mar úsáideoirí neamhspleácha atá ag teacht chun cinn faoi mhaoirseacht, ag éirí níos leochailí i leith na rioscaí a bhaineann le timpeallachtaí ar líne agus le teagmháil níos mó le scáileáin. Na meáin shóisialta agus seirbhísí digiteacha eile atá barrfheabhsaithe le haghaidh sásamh láithreach, luaíocht atriallach agus spreagadh seachtrach leanúnach, tá siad mí-oiriúnach go bunúsach i ndáil le hacmhainneachtaí forbartha leanaí agus is féidir dochar a dhéanamh leo d’fhorbairt fhadtéarmach na n-acmhainneachtaí sin.

**Agus leanaí idir 6 bliana d’aois agus 9 mbliana d’aois**, tagann méadú mór ar an úsáid a bhaineann siad as na meáin shóisialta agus as seirbhísí digiteacha eile. Trasnaíonn aiseolas seachtraithe ón saol ar líne (mar shampla, ‘is maith liom’, scóir agus cláir cheannairí) le féinmheas atá ag teacht chun cinn ar bhonn inniúlachtaí atá á bhforbairt san fhíorshaol. D’fhéadfadh sé sin imní a mhéadú maidir le feidhmíocht agus comparáidí idir piaraí, rud a mhéadódh leochaileacht i leith na cibearbhulaíochta, na fuathchainte agus an chiaptha ag piaraí.

**Agus iad idir 10 mbliana d’aois agus 12 bhliain d’aois**, is réamhriachtanas lárnach don rannpháirtíocht shóisialta é rochtain leanaí ar spásanna meán sóisialta+. Ag an aois sin, bíonn ar leanaí aghaidh a thabhairt ar an teacht le cheile is mó d’íogaireachtaí forbartha agus aimpliú faoi thionchar ardán. Le córais moltaí algartamacha géaraítear comparáid shóisialta, nochtadh d’ábhar díobhálach nó neamhdhleathach (lena n-áirítear ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, bolscaireacht antoisceach, agus bréagaisnéis) agus patrúin dearaidh andúile lena méadaítear siomptóim an dúlagair agus na himní. Tugtar le fios i dtaighde ionchasach a rinneadh le déanaí go bhféadfadh sé go mbeadh nasc idir guthán cliste a fháil den chéad uair ag 12 bhliain d’aois (seachas 13 bliana d’aois) agus riosca níos airde dúlagair agus fadhbanna meabhairshláinte eile tar éis bliain amháin[vi]. Léirítear leis an sampla sin, go ginearálta, go bhfuil leanaí faoi bhun 13 bliana d’aois an-leochaileach.

Agus ógánaigh **idir 13 bliana d’aois agus 15 bliana d’aois**, aistríonn siad ó úsáid faoi mhaoirseacht go húsáid uathrialach mhéadaitheach na meán sóisialta agus seirbhísí digiteacha eile. Ag an aois sin, éiríonn cineálacha traidisiúnta maoirseachta ag cúramóirí agus oideoirí ar scoil níos neamhéifeachtaí de réir a chéile. Tá méadú ag teacht ar an tionchar a bhíonn ag struchtúir na meán sóisialta agus seirbhísí digiteacha eile ar rioscaí, seachas iompar aonair amháin. Príomhdhúshlán is ea aghaidh a thabhairt ar chórais algartamacha a stiúrann nochtadh agus a imríonn

---

[1] Cur isteach ar idirghníomhaíochtaí idir tuismitheoirí agus leanaí mar gheall ar an teicneolaíocht.

tionchar ar iompraíocht, agus iad ag oibriú faoi thrédhearcacht theoranta an tráth céanna.

Is gnáthchuid é an t-aistriú chuig neamhspleáchas de bheith ag fás aníos i saol ar líne an lae inniu, mar atá sé sa saol as líne. Dá bhrí sin, ní hé an cheist conas ógánaigh a choinneáil siar ina n-aistriú chuig neamhspleáchas, ach conas a nochtadh do dhíobháil a theorannú le linn céim de bhuaicleochaileacht fhorbarthach. Chun cosaint éifeachtach a bhaint amach, tá gá le cur chuige ilsrathach atá eolasach ó thaobh forbartha de lena gcomhcheanglaítear rialáil na meán sóisialta agus seirbhísí digiteacha eile, idirghabhálacha oideachais, agus tacaíocht d'fhéinrialáil agus d'úsáid chriticiúil na meán.

Ar deireadh, **agus ógánaigh idir 16 bliana d'aois agus 18 mbliana d'aois**, tagann méadú ar a ndaingniú céannachta agus ar a neamhspleáchas. Le cumais athraitheacha ógánach, is fearr is féidir leo na rioscaí a dtugann siad aghaidh orthu ar líne a thuiscint agus a láimhseáil. Mar sin féin, ag an gcéim sin, tá forbairt néarbhitheolaíoch i bhfad ó bheith críochnaithe, agus bíonn rioscaí andúile, imní agus saincheisteanna meabhairshláinte níos measa mar gheall ar na meáin shóisialta agus úsáid seirbhísí digiteacha eile. Ní mór d'ógánaigh ag an aois sin na scileanna is gá a fhorbairt (mar shampla, smaointeoireacht chriticiúil agus meastóireacht chriticiúil) chun dul i ngleic go rathúil agus go sábháilte leis an saol digiteach, agus chun leas iomlán a bhaint as a acmhainneacht.

## Sé Threoirphrionsabal chun mionaoisigh a chosaint agus a chumasú ar líne

Ós rud é go bhfuil rioscaí agus deiseanna araon ann do leanaí agus d'ógánaigh i dtimpeallacht na meán sóisialta+, tá gá le creat beartais cuimsitheach lena gcosnaítear agus lena gcumasaítear mionaoisigh ar líne. Is iad na **Sé Threoirphrionsabal seo a leanas a d'fhorbair na Comhchathaoirligh a stiúir obair an Phainéil Speisialta** agus léirítear iad i struchtúr na tuarascála seo. Ba cheart bearta a bhunú ar fhianaise agus ar anailís ar na dúshláin agus ar na deiseanna atá roimh leanaí ar líne. Tá cur chun feidhme agus meastóireacht éifeachtach ríthábhachtach chun torthaí a áirithiú.

- **Prionsabal 1: Cur chuige forbarthach (féach caibidil 1)**

**Rialáil atá oiriúnach ó thaobh aoise de agus treoir dhifreáilte a áirithiú.** Mar gheall ar fhorbairt chéimneach leanaí agus ógánach, ní mór bearta cosanta a cheapadh agus a chur in úsáid lena dtugtar aghaidh ar na rioscaí atá rompu ag aoiseanna sonracha. I gcás inar féidir, ba cheart a chur san áireamh sna bearta sin cúinsí pearsanta agus sóisialta leanaí, a d'fhéadfadh éifeachtaí níos measa a bheith acu ar a nochtadh ar rioscaí.

- **Prionsabal 2: Comhionannas agus éagsúlacht (féach caibidil 2)**

Neamhionannais maidir le rioscaí agus nochtadh do dhíobháil ar líne a shainaithint d'aoiseanna éagsúla agus do ghrúpaí socheacnamaíocha éagsúla. Is iad inscne, gnéasacht, cúlraí ciniúla, eitneacha agus reiligiúnacha, riachtanais speisialta oideachais agus saincheisteanna meabhairshláinte atá ann cheana a chinneann leochaileacht mionaoiseach i leith díobhálacha ar líne. Bíonn tionchar ag na tosca sin freisin ar na hacmhainní agus ar na cumais a bhíonn ag tuismitheoirí agus cúramóirí chun tacú le leanaí agus ógánaigh feadh a mbóthair i dtreo an neamhspleáchais.

- **Prionsabal 3: Cosaint mionaoiseach (féach caibidil 3)**

Ní mór do leanaí agus d'ógánaigh a bheith in ann tairbhe a bhaint as spásanna sábháilte na meán sóisialta+. Ba cheart cosaint mionaoiseach ar ábhar díobhálach, gnéithe andúile, faillí dhigiteach[2] agus coireanna ar líne (mar shampla, mí-úsáid ghnéasach) a chur chun feidhme i ndearadh na meán sóisialta agus seirbhísí digiteacha eile. Ba cheart do mhionaoisigh a bheith in ann aon inneachar díobhálach nó aon ghnéithe díobhálacha a thuairisciú go héasca. Ba cheart tosaíocht a thabhairt do na tuarascálacha sin agus ba cheart do sholáthraithe ábhar díobhálach nó gnéithe díobhálacha a bhaint go pras.

- **Prionsabal 4: Freagracht seirbhísí digiteacha agus cearta tomhaltóirí (féach caibidil 3)**

Ní mór do sholáthraithe na meán sóisialta agus do sholáthraithe seirbhísí digiteacha eile an phríomhfhreagracht a ghlacadh as a áirithiú go bhfuil spásanna ar líne sábháilte do mhionaoisigh chun rochtain a fháil orthu agus chun iad a úsáid. Bearta 'sábháilteachta trí dhearadh' ag seirbhísí digiteacha a dhreasú agus rialáil ábharbhunaithe a fhorfheidhmiú go tapa. Ba cheart an dualgas cruthúnais a bheith ar sholáthraithe na meán sóisialta agus ar sholáthraithe seirbhísí digiteacha eile chun a chruthú nach bhfuil gnéithe a seirbhísí díobhálach sular féidir leo rochtain a fháil ar leanaí agus ar ógánaigh.

- **Prionsabal 5: Cumasú agus oideachas sna meáin (féach caibidil 4)**

Tuismitheoirí agus cúramóirí, múinteoirí agus oideoirí a chumasú chun tacú le haistriú de réir a chéile leanaí agus ógánach chuig úsáid shábháilte neamhspleách ar líne. Deiseanna leordhóthanacha (mar shampla, oiliúint sa litearthacht dhigiteach agus sa litearthacht sna meáin) agus bonneagar leordhóthanach a chur ar fáil chun gur féidir le tuismitheoirí machnamh a dhéanamh ar a ngníomhaíochtaí féin agus idirghníomhaíochtaí ar líne mionaoiseach a threorú. Ba cheart bearta a chur in oiriúint do róil cúramóirí agus oideoirí, ar róil iad a fhorbraíonn de réir mar a théann leanaí agus ógánaigh in aibíocht.

---

[2] Mainneachtain arís agus arís eile ag cúramóir aird, freagrúlacht, maoirseacht nó cosaint atá iomchuí ó thaobh forbartha de a sholáthar toisc go gcuireann teicneolaíochtaí digiteacha isteach ar fheidhmeanna cúraim riachtanacha, go dtagann siad ina n-ionad nó go mbaineann siad an bonn díobh.

- **Prionsabal 6: Cearta agus rannpháirtíocht leanaí (féach caibidil 4)**

Ceart leanaí chun rannpháirtíochta, idirghníomhaíochta agus comhchruthaitheachta sábháilte, ar líne agus as líne, a chosaint. Ba cheart cearta leanaí, mar a thuigtear faoi chreataí idirnáisiúnta ábhartha iad[3], a bheith mar bhonn taca i gcónaí faoi bhearta cosanta leanaí. Ní mór cearta leanaí ar líne a urramú le srianta aoise, agus ní mór na srianta sin a bheith comhréireach, teoranta ó thaobh ama de agus cothromaithe i gcoinne leas leanaí. Cuirtear i bhfios go láidir leis sin freisin gur gá infheistíocht a dhéanamh i ngníomhaíochtaí as líne do mhionaoisigh ag gach aois agus na gníomhaíochtaí sin a chur chun cinn.

*Comhairleoirí Speisialta don Uachtarán agus Comhchathaoirligh an Phainéil Speisialta maidir le sábháilteacht leanaí ar líne*

*An tOll. Dr. Jörg M. Fegert*



*An Dr. Maria Melchior*





***An tOll. Dr. Jörg M. Fegert***

Stiúrthóir Leighis na Roinne Síciatrachta, Síceasómaitice agus Síciteiripe Leanaí agus Ógánach ag Ospidéal Ollscoil Ulm



***An Dr. Maria Melchior***

Stiúrthóir Taighde ag Institiúid Náisiúnta na Fraince um Thaighde Sláinte agus Leighis (INSERM)

[3] Go háirithe, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus barúlacha ginearálta an Choiste um Chearta an Linbh, Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus Straitéis an Aontais um Chearta an Linbh.

SÉ THREOIRPHRIONSABAL

# Chun mionaoisigh a chosaint agus a chumasú ar líne

## SÁBHÁILTEACHT LEANAÍ AR LÍNE

### ANAILÍS AR AN STAID

**CUR CHUIGE FORBARTHA**

Rialáil atá oiriúnach ó thaobh aoise de agus treoir dhifreáilte a áirithiú

**COMHIONANNAS AGUS ÉAGSÚLACHT**

Neamhionannais maidir le rioscaí agus nochtadh do dhíobháil ar líne a shainaithint ar fud na ngrúpaí uile

**COSAINT MIONAOISEACH**

Iad a chosaint ar ábhar díobhálach, gnéithe andúile, faillí dhigiteach, coireanna (e.g. mí-úsáid ghnéasach, bulaíocht)

**FREAGRACHT SEIRBHÍSÍ DIGITEACHA AGUS CEARTA TOMHALTÓIRÍ**

Sábháilteachta trí dhearadh agus rialáil ábharbhunaithe a fhorfheidhmiú

**CUMASÚ AGUS OIDEACHAS SNA MEÁIN**

Tuismitheoirí agus cúramóirí a chumasú chun tacú le scileanna digiteacha mionaoiseach agus litearthacht mionaoiseach sna meáin le haghaidh úsáid fhreagrach

**CEARTA AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT LEANAÍ**

An ceart chun rannpháirtíochta agus comhchruthaitheachta sábháilte ar líne a chosaint.

### BEARTA

### MEASTÓIREACHT

# Príomh-mholtaí chun mionaoisigh a chosaint agus a chumasú ar líne


Is é cuspóir uileghabhálach mholtaí na tuarascála seo, ag tógáil ar an gcur chuige atá íogair ó thaobh na forbartha de agus ag léiriú na Sé Threoirphrionsabal, cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá le leanaí agus ógánaigh a chosaint ar líne agus a gcearta chun páirt a ghlacadh i saol na meán sóisialta+ agus na deiseanna a bhaineann leis a thapú.

## Moltaí maidir le húsáid aoisoiriúnach na meán sóisialta agus seirbhísí digiteacha eile

1. **0 go 2 bhliain d’aois: Scáileáin agus na meáin shóisialta+ a sheachaint.** Ní hionann teagmháil fhorleathan le scáileáin a sheachaint le linn na luath-óige agus toirmeasc iomlán. Ina ionad sin, aithnítear ann riachtanais forbartha leanaí maidir le ceangal, forbairt chéadfach agus sealbhú luath teanga. Ba cheart do thuismitheoirí agus do chúramóirí tosaíocht a thabhairt d’idirghníomhaíochtaí aghaidh ar aghaidh agus a bheith aireach ar an úsáid a bhaineann siad féin as gairis dhigiteacha chun eiseamláir dhearfach a chur ar fáil agus chun ‘trasnaíl teicneolaíochta’ a sheachaint. Tá an cur chuige sin i gcomhréir le moltaí na hEagraíochta Domhanda Sláinte chun cur isteach a chosc ar fhorbairt néarbhitheolaíoch agus chognaíoch leanaí, ar fhoirmiú ceangail mhothúchánaigh agus ar fhadhbanna fisiciúla (mar shampla, tionchar a imirt ar an bhfís).
2. **3 bliana d’aois go 12 bhliain d’aois: Úsáid faoi mhaoirseacht na meán sóisialta+ agus na ngaireas atá oiriúnach ó thaobh aoise de.** Níor cheart úsáid gan mhaoirseacht gaireas atá cumasaithe don idirlíon a cheadú do leanaí. Ba cheart do scoileanna na saoráidí a chur ar fáil chun úsáid mhaoirsithe theoranta a bhaint as gairis chun críoch oideachais lena dtacaítear le litearthacht dhigiteach agus litearthacht sna meáin, le hathléimneacht mhothúchánach, agus le machnamh criticiúil ar rioscaí. Ba cheart do thuismitheoirí agus do chúramóirí maoirseacht a dhéanamh ar an neamhspleáchas digiteach agus tacú leis de réir a chéile trí na meáin shóisialta agus trí sheirbhísí digiteacha eile atá oiriúnach ó thaobh aoise de. Ba cheart dóibh comhráite rialta a bheith acu freisin le leanaí maidir leis na tairbhí agus na rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ag baint le hidirghníomhaíochtaí mionaoiseach ar líne. Ba cheart do chúramóirí agus d’oideoirí araon leanúint de leanaí ag an aois sin a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí as líne.
3. **13 bliana d’aois go 18 mbliana d’aois: Úsáid uathrialach athraitheach na meán sóisialta+ atá oiriúnach ó thaobh aoise de.** Ó 13 bliana d’aois go 18 mbliana d’aois, níor cheart rochtain a bheith ag ógánaigh ach ar mheáin shóisialta atá oiriúnach ó thaobh aoise de agus ‘sábháilte mar réamhshocrú’ agus ar sheirbhísí digiteacha eile a bhfuil príomhghnéithe sábháilteachta tugtha isteach go gníomhach acu (mar shampla, teorainneacha le scrolláil gan teorainn agus le

córais mholtóra). Go dtí go bhforbrófar na meáin shóisialta 'shábháilte mar réamhshocrú' sin agus seirbhísí digiteacha eile, beidh rialú agus maoirseacht tuismitheora aonair atá oiriúnach ó thaobh aoise de ríthábhachtach i gcónaí. D'fhéadfaí bearta réamhchúraim breise ó rialálaithe a mheas. De réir mar a bhogann ógánaigh os cionn 16 i dtreo neamhspleáchas digiteach níos fearr, tá na rioscaí a bhaineann le nochtadh d'ábhar díobhálach ar líne fós ann. Dá réir sin, ba cheart do thuismitheoirí agus do chúramóirí leanúint de chomhráite le leanaí faoina n-eispéiris ar líne. Ba cheart rochtain phribhléideach a bheith ag ógánaigh ar sheirbhísí tacaíochta agus ar chórais ghearáin, agus tairbhe á baint acu an tráth céanna as líonraí tacaíochta piaraí a chuireann úsáid fhreagrach na meán sóisialta agus seirbhísí digiteacha eile chun cinn.

# Úsáid na meán sóisialta+ atá oiriúnach ó thaobh aoise de do mhionaoisigh




**0 - 2**

**GAN ÚSÁID**

Seachain nochtadh do scáileán

—

Dírigh ar idirghníomhaíocht san fhíorshaol

**3 - 5**

**GAN ÚSÁID ACH AMHÁIN FAOI MHAOIRSEACHT**

Ná úsáidtear ach amháin faoi mhaoirseacht cúramóirí

—

Ábhar atá oiriúnach ó thaobh aoise de

—

Teorainneacha ama

—

Gan gairis phearsanta ar scoil

**6 - 9**

**ÚSÁID FAOI MHAOIRSEACHT**

Ná úsáitear na meáin sóisialta ná físchluichí seachas le cead agus faoi mhaoirseacht tuistí

—

Úsáid am-teoranta ábhair atá oiriúnach ó thaobh aoise de

**10 - 12**

**ÚSÁID FAOI MHAOIRSEACHT**

Ná úsáidtear na meáin sóisialta ná físchluichí ach le cead agus maoirseacht tuistí

—

Úsáid am-teoranta ábhair atá oiriúnach ó thaobh aoise de

—

Córais rialaithe tuistí

**13 - 15**

**UATH-RIAIL ATHRAITHEACH**

Neamhspleáchas agus úsáid féin-rialaitheach ábhair atá oiriúnacha ó thaobh aoise de a mhéadú

—

Rialú laghdaithe tuistí

—

Fásann tionchar piaraí

**16 - 18**

**FÉINRIAIL CHOIBHNEASTA**

Úsáid fhéinrialaitheach ábhair atá oiriúnach ó thaobh aoise de

**18+**

**LÁN-AOIS DON SAOL DIGITEACH**

Féinriail iomlán

—

Rochtain ar ábhar do dhaoine fásta (18+) ach aois a fhíorú

## Moltaí chun leanaí agus ógánaigh a chosaint ar líne

- **Srian rochtana comhchuibhithe uile-Aontais ar na meáin shóisialta agus ar sheirbhísí digiteacha eile a mholadh i dtaobh leanaí faoi bhun 13 bliana d’aois.**

  Tá gá le srian comhchuibhithe uile-Aontais ar rochtain ar na meáin shóisialta agus ar sheirbhísí digiteacha eile, lena n-áirítear compánaigh intleachta saorga, i gcás leanaí faoi bhun 13 bliana d’aois. Le srian rochtana comhchuibhithe, d’éascófaí cur chun feidhme dearbhaithe aoise atá comhréireach agus lena n-urramaítear cearta agus spreagfaí sábháilteacht trí dhearadh le haghaidh soláthraithe meán sóisialta agus soláthraithe seirbhísí digiteacha eile. Faoi bhun 13 bliana d’aois, maidir le rochtain atá teoranta ó thaobh ama de agus timpeallachtaí meán sóisialta+ atá oiriúnach ó thaobh aoise de, níor cheart rochtain a bheith ag leanaí orthu ach amháin le húdarú agus maoirseacht tuismitheora nó i gcomhthéacsanna oideachais. Ó 13 bliana d’aois, ba cheart d’ógánaigh tairbhe a bhaint as úsáid uathrialach athraitheach na meán sóisialta atá oiriúnach ó thaobh aoise de agus sábháilte agus seirbhísí digiteacha eile.

  Rannchuideodh rialacha comhchuibhithe maidir le haois íosta 13 bliana ar fud an Aontais le feidhmiú cuí an Mhargaidh Aonair trí chreat comhlíontachta aonair a áirithiú do sholáthraithe. D’éascódh rialacha comhchuibhithe forfheidhmiú agus maoirseacht ag rialálaithe ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon. D’áiritheofaí leis freisin leibhéal comhionann cosanta do gach mionaoiseach ar líne ar fud an Aontais, gan beann ar chomhthéacsanna socheacnamaíocha, cultúrtha agus náisiúnta.

- **Córais éifeachtacha dearbhaithe aoise a thabhairt isteach chun aois a sheiceáil agus chun taca a chur faoi chineálacha cur chuige atá sábháilte trí dhearadh agus oiriúnach ó thaobh aoise de chun mionaoisigh a chosaint agus a chumasú ar líne.**

  Ní mór modhanna dearbhaithe aoise - fíorú aoise nó meastachán aoise araon - a bheith comhréireach agus ní mór dóibh cloí le híoscheanglais, go háirithe maidir le cearta bunúsacha úsáideoirí, lena n-áirítear cearta leanaí agus coimircí gaolmhara. Ba cheart go gcloífeadh aon mhodh a úsáidtear chun aois a sheiceáil leis na caighdeáin is airde maidir le príobháideachas agus cosaint sonraí, agus níor cheart go mbeadh próiseáil doiciméad aitheantais agus sonraí bithmhéadracha chun críche meastachán aoise mar thoradh air. Ba cheart caighdeáin theicniúla amhail ‘Cruthú Dífhianaise’ a chur chun feidhme chun a áirithiú nach bhfaighidh an t-ardán is gá chun measúnú a dhéanamh ar an aois agus an soláthraí fíoraithe aoise aon fhaisnéis a bhféadfadh rianú nó sainaithint an úsáideora a bheith mar thoradh uirthi.

Ba cheart modhanna dearbhaithe aoise a bheith cruinn chun an aois nó na haoisghrúpaí is gá a chinneadh agus ba cheart iad a bheith éasca agus iontaofa lena n-úsáid sa chleachtas, i ndálaí fíorshaoil. Ba cheart na modhanna a bheith láidir chun teacht timpeall agus bagairtí cibearshlándála a sheachaint, cuimsitheach (agus neamh-idirdhealaitheach), agus ar fáil go cothrom do gach duine ar gá dóibh iad a úsáid. Ní mór do sholáthraithe na meán sóisialta agus do sholáthraithe seirbhísí digiteacha eile seasamh lena n-oibleagáid neamhchosaint mionaoiseach ar sheirbhísí rioscúla nó ar úsáideoirí a dhéanann pearsanú ar leanaí agus ar ógánaigh a chosc.

- **Rialacha maidir le príomhghnéithe sábháilteachta i ndearadh na meán sóisialta agus seirbhísí digiteacha eile a leathnú agus a chomhchuibhiú.**

  Ba cheart sábháilteacht trí dhearadh agus coimircí atá soiléir agus oiriúnach ó thaobh aoise de (mar shampla, teorainneacha féideartha ar scrollú gan teorainn, uathsheinm, brúfhógraí, agus innill mholta phearsantaithe fhadhbacha) a leabú sna meáin shóisialta agus i seirbhísí digiteacha eile. Chun dul i ngleic le dearadh andúile, patrúin dhorcha, teagmháil gan iarraidh agus poill choinín, ba cheart réamhshocruithe cosanta a bheith ina gcuid dhílis de na meáin shóisialta agus de sheirbhísí digiteacha eile. Dá leathnófaí agus dá gcomhchuibheofaí rialacha maidir le príomhghnéithe sábháilteachta, d'áiritheofaí deimhneacht agus aonfhoirmeacht ar fud thimpeallacht na meán sóisialta+. Mar gheall ar fhorbairt thapa na teicneolaíochta, ba cheart aon riail maidir le príomhghnéithe sábháilteachta a bheith inoiriúnaithe chun aghaidh a thabhairt go leanúnach ar ghnéithe dearaidh díobhálacha nua.

- **An dualgas cruthúnais a aistriú chuig soláthraithe na meán sóisialta agus chuig soláthraithe seirbhísí digiteacha eile chun a léiriú go bhfuil a dtáirgí agus a seirbhísí sábháilte do mhionaoisigh.**

  Ba cheart feidhm a bheith ag srianta sonracha aoise go dtí go dtabharfaidh soláthraithe na meán sóisialta agus soláthraithe seirbhísí digiteacha eile isteach príomhghnéithe deartha sábháilteachta lena gcosnaítear leanaí agus ógánaigh. Go dtí go mbeidh gnéithe sábháilte agus oiriúnach ó thaobh aoise de léirithe ag soláthraithe, agus dá bhrí sin bearta an Aontais agus bearta náisiúnta á gcomhlíonadh acu, níor cheart rochtain a bheith acu ar mhionaoisigh. I gcás ina bhfuil leagan 'sábháilte mar réamhshocrú' ann, níor cheart gnéithe atá mí-oiriúnach ó thaobh aoise de (gnéithe do dhaoine fásta) a ghníomhachtú ach amháin tar éis dearbhuithe éifeachtacha aoise a dhéanamh.

- **Acmhainneachtaí forfheidhmithe agus meastóireachta a neartú.**

  I bhfianaise na rialacha iomadúla a bhfuil feidhm acu anois maidir le sábháilteacht leanaí ar líne (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, RGCS, an Gníomh um an

Intleacht Shaorga, etc.), ba cheart d'údaráis mhaoirseachta comhar a threisiú agus faisnéis a mhalartú ar fud creataí dlíthiúla. Tá sé sin ríthábhachtach chun neamhréireachtaí a sheachaint agus chun timpeallacht dhlíthiúil chomhleanúnach, intuartha agus éifeachtach a áirithiú atá bunaithe ar chearta bunúsacha a chosaint. Ba cheart don Choimisiún Eorpach féachaint ar shásraí lena gcumasaítear comhar rianúil idir na húdaráis mhaoirseachta chun leas a bhaint as na struchtúir forfheidhmiúcháin atá ann cheana. Thairis sin, is gá a mheas an bhfuil gá le hacmhainní breise agus le hathstruchtúrú breise do rialálaithe atá freagrach as forfheidhmiú agus meastóireacht. Ba cheart gníomhaíochtaí a mheas chun ról na sochaí sibhialta san fhorfheidhmiú agus a rannchuidiú leis an acmhainneacht forfheidhmiúcháin a neartú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí bhíthin struchtúr atá ann cheana. Ba cheart an forfheidhmiú a bheith comhlántach agus ba cheart gníomhaíochtaí atá ag teacht salach ar a chéile a sheachaint leis.

- **Bearta a ghlacadh go pras chun a áirithiú go mbeidh oibleagáidí soiléire ar sholáthraithe na meán sóisialta agus ar sholáthraithe seirbhísí digiteacha eile mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc, a bhrath, a thuairisciú agus a bhlocáil, lena n-áirítear na hoibleagáidí soiléire sin i gcás na cumarsáide idirphearsanta.**

  An bhearna sábháilteachta leanaí atá ann faoi láthair mar gheall ar dhul in éag an Rialacháin Eatramhaigh lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac (an Rialachán Eatramhach maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí), ní mór í a líonadh go tapa. Ba cheart do chomhreachtóirí an Aontais an Rialachán fadtéarmach atá beartaithe a ghlacadh go pras chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac. Tosaíonn níos mó ná 80 % d'imscrúduithe ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí ó thuarascálacha arna gcur isteach ag soláthraithe na meán sóisialta agus ag soláthraithe seirbhísí digiteacha eile. Is minic a bhíonn eagla rómhór ar leanaí mí-úsáid a thuairisciú. Ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhrath, lena n-áirítear ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí i gcumarsáid idirphearsanta, is minic gurb é sin an t-aon bhealach chun stad a chur leis.

- **Is féidir leis na Ballstáit srianta breise rochtana réamhchúraim a thabhairt isteach ar na meáin shóisialta agus ar sheirbhísí digiteacha eile ó 13 bliana d'aois.**

  Ba cheart srianta breise réamhchúraim ar rochtain a bheith comhlántach leis an srian ar rochtain ar fud an Aontais ar na meáin shóisialta agus ar sheirbhísí digiteacha eile faoi bhun 13 bliana d'aois. Ní féidir le hógánaigh rochtain a bheith acu ach ar thimpeallacht meán sóisialta+ atá sábháilte, maidir le hinneachar agus gnéithe dearaidh, atá oiriúnach ó thaobh aoise de agus í deartha ar bhealach go bhfuil a gcearta agus a riachtanais á gcur san áireamh. Tá comhthéacsanna

stairiúla agus náisiúnta éagsúla ag na Ballstáit agus d’fhéadfadh sé gurbh fhearr leo tairseach aoise níos airde ná 13 bliana d’aois a ghlacadh. Ba cheart gach srian réamhchúramach breise ar rochtain náisiúnta a bheith faoi réir meastóireacht leanúnach, agus d’fhéadfaí athmheasúnú a dhéanamh orthu, a luaithe a bheidh na meáin shóisialta agus seirbhísí digiteacha eile sábháilte mar réamhshocrú do leanaí agus d’ógánaigh.

- **Forfheidhmiú na rialacha forfheidhmiúcháin maidir le rochtain agus grinnscrúdú taighdeoirí ar shonraí a neartú.**

  Le hAirteagal 40 de ghníomh tarmligthe mhí Iúil 2025 an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha, osclaíodh, i bprionsabal, bealach nua do thaighdeoirí grinnfhiosraithe chun rochtain a fháil ar shonraí ardáin ar líne. Is féidir na sonraí sin a úsáid chun taighde a dhéanamh a rannchuidíonn le rioscaí sistéamacha a bhrath, a shainaithint agus a thuiscint, agus le measúnú a dhéanamh ar bhearta maolaithe riosca lena gcuirtear sábháilteacht leanaí chun cinn ar líne.

  Cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an chonair sin a gealltanas, braitheann sé ar chomhlíonadh sholáthraithe na meán sóisialta agus na soláthraithe seirbhísí digiteacha eile agus ar fhorfheidhmiú éifeachtach na rialálaithe. Braitheann sé freisin ar fhairsinge na seirbhísí a chumhdaítear, agus ar cháilíocht agus leanúnachas na sonraí a sholáthraítear. Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht oibríochtúil cheanglais Airteagal 40 maidir le rochtain ar shonraí agus grinnscrúdú sonraí tar éis taithí tosaigh taighdeoirí faoin ngníomh tarmligthe. Tá sé sin ríthábhachtach chun a áirithiú go ndéanfaidh ardáin ar líne obair leantach ar iarrataí ar rochtain ar shonraí chun críoch comhlíontachta, measúnaithe riosca agus taighde.

  Ní hamháin gur príomhghné de bhosca uirlisí trédhearcachta an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha iad oibleagáidí maidir le rochtain ar shonraí, is cuid iad freisin de fhreagrachtaí níos leithne soláthraithe na meán sóisialta agus soláthraithe seirbhísí digiteacha eile maidir le maolú riosca. Ba cheart ardáin bheaga a spreagadh freisin chun rochtain ar shonraí a cheadú do thaighdeoirí, i bhfianaise na rioscaí a bhaineann leis na hardáin sin do mhionaoisigh agus ról an ghrinnscrúdaithe neamhspleách maidir le haghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin. Ba cheart úsáid Treoirphrionsabail FAIR[4] maidir le bainistiú agus maoirseacht sonraí eolaíocha a bheith ina caighdeán i gcur chun feidhme Airteagal 40.

[4] Tugadh isteach Treoirphrionsabail FAIR maidir le bainistiú agus maoirseacht sonraí eolaíocha in 2016 i bhfoilseachán san iris Sonraí Eolaíocha. Tá sé i gceist leis na prionsabail feabhas a chur ar an mbonneagar a thacaíonn le hathúsáid sonraí scolártha trí fheabhas a chur ar chumas meaisíní agus daoine aonair sonraí a aimsiú agus a úsáid. Féach: Wilkinson, M.D., et al. (2016). Treoirphrionsabail FAIR maidir le bainistiú agus maoirseacht sonraí eolaíocha. Sonraí Eolaíocha, 3.

## Moltaí chun leanaí agus ógánaigh a chumhachtú ar líne

- **Deiseanna sábháilte a leathnú do mhionaoisigh chun páirt ghníomhach a ghlacadh i múnlú thimpeallacht na meán sóisialta+.**

  Reachtaíocht, beartais agus tionscnaimh oideachais lena gcuirtear sábháilteacht agus cumasú leanaí chun cinn ar líne, ba cheart deiseanna fiúntacha a bheith ag leanaí agus ógánaigh iad a mhúnlú go gníomhach. Ba cheart úsáid na n-uirlisí rannpháirtíochta leanaí agus óige a leathnú chun bonn eolais a chur faoin obair sin. Go sonrach, ba cheart leanaí a áireamh i gcomhdhearadh na mbeartas sábháilteachta, na gclár oiliúna, na meastóireachtaí agus na dtreoirlínte. Ba cheart faireachán agus meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar bhearta chun measúnú a dhéanamh ar a dtionchar ar shábháilteacht agus ar chearta leanaí.

  Ba cheart a áirithiú le próisis rannpháirtíochta go bhfaighidh leanaí faisnéis shoiléir, go dtuigfidh siad conas a úsáidfear a n-ionchur, agus go bhfaighidh siad aiseolas ar thorthaí. Ba cheart iarrachtaí ar leith a dhéanamh chun leanaí ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, grúpaí imeallaithe agus grúpaí leochaileacha a chuimsiú. Ba cheart bearta coimirce iomchuí a bheith ag gabháil leis na gníomhaíochtaí rannpháirtíochta uile a bhaineann le leanaí.

- **Sásraí gearáin agus cearta tomhaltóirí do leanaí agus d'ógánaigh a neartú.**

  Ba cheart do na meáin shóisialta agus do sholáthraithe seirbhísí digiteacha eile tosaíocht a thabhairt do thuarascálacha agus do ghearáin ó leanaí agus ó ógánaigh i nósanna imeachta modhnóireachta ábhair. Ní mór oibleagáidí soláthraithe faoi na creataí atá ann cheana a neartú chun línte cabhrach agus sásraí gearáin a chistiú go hiomchuí. Ní mór na sásraí sin a bheith oiriúnach ó thaobh aoise de, soláimhsithe, inrochtana, ina gcaomhnóirí príobháideachais, agus éifeachtach.

- **Gníomhaíochtaí príomhshrutha oideachais dhigitigh agus litearthachta do mhionaoisigh, tuismitheoirí agus cúramóirí, múinteoirí agus oideoirí.**

  Ba cheart an t-oideachas digiteach agus an litearthacht dhigiteach a leabú ar gach leibhéal oideachais mar eochairscil bhunúsach do mhionaoisigh, do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí. Ba cheart an fholláine dhigiteach a chomhtháthú san oideachas digiteach do chách.

  Leis an oideachas, ba cheart é a chur ar a gcumas do leanaí agus d'ógánaigh meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar fhaisnéis agus foinsí ar líne, agus teicnící cúblála a aithint, lena n-áirítear bréagaisnéis, domhainbhrionnuithe agus fógraíocht spriocdhírithe. Ba cheart dó tuiscint a fhorbairt freisin i measc mionaoiseach, tuismitheoirí agus múinteoirí ar an gcaoi a ndéantar ábhar digiteach a chruthú agus a chomhroinnt, agus ar an gcaoi a múnlaíonn algartaim an méid a

fheiceann úsáideoirí agus an méid a bhfaigheann siad taithí air i saol na meán sóisialta+.

Le hoideachas sábháilteachta struchtúrtha ar líne, ba cheart scileanna praiticiúla a fhorbairt maidir le sonraí pearsanta a chosaint, socruithe príobháideachais a bhainistiú, céannachtaí digiteacha slána a chothabháil, agus rioscaí ar na meáin shóisialta, ar theachtaireachtaí agus ar thimpeallachtaí cluichíochta go háirithe a shainaithint. Ba cheart na scileanna sin a fhorbairt de réir a chéile, ag tosú le nósanna sábháilteachta bunúsacha agus ag dul chun cinn i dtreo tuiscint níos casta ar loirg dhigiteacha, toiliú digiteach agus rioscaí ardáin. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar úsáid shláintiúil scáileáin trí threoraíocht maidir le cothromaíocht, bainistiú airde, agus patrúin úsáide iomarcacha nó dhíobhálacha a aithint.

- **Níos mó deiseanna agus bonneagar leordhóthanach a chruthú chun tacú le gníomhaíochtaí as líne.**

  Ba cheart do na Ballstáit agus do na húdaráis áitiúla rochtain ar spórt inacmhainne, ar na healaíona, ar chlubanna óige, ar leabharlanna agus ar spásanna pobail a choinneáil ar bun agus a leathnú chun rannpháirtíocht shláintiúil as líne a spreagadh agus chun roghanna tarraingteacha eile ar úsáid iomarcach scáileáin a chruthú i measc mionaoiseach. Ba cheart go n-áireofaí leis sin infheistíocht i dtimpeallachtaí sábháilte, cuimsitheacha agus oiriúnach ó thaobh aoise de inar féidir le mionaoisigh nascadh, foghlaim, súgradh agus caidrimh dhearfacha a thógáil laistigh dá bpobail.

- **Comhchruthú Treoirlínte do Thuismitheoirí a chur chun cinn.**

  In éineacht le Comhlachais Tuismitheoirí, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit forbairt Treoirlínte do Thuismitheoirí a chur chun cinn. D’fhéadfadh na Treoirlínte comhairle shoiléir inrochtana a chur ar fáil chun tuismitheoirí agus cúramóirí a chumasú chun tacú le rannpháirtíocht shábháilte fhreagrach dhearfach mionaoiseach le timpeallachtaí na meán sóisialta+. Ba cheart comhairle phraiticiúil a chur ar fáil sna Treoirlínte maidir le príomhréimsí, lena n-áirítear sábháilteacht agus príobháideachas ar líne, folláine dhigiteach, úsáid eiticiúil agus fhreagrach, agus rochtain ar thacaíocht.

- **Cistiú poiblí leordhóthanach agus caighdeáin choiteanna a áirithiú d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus don phiarchomhairleoireacht.**

  Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit a áirithiú go leanfaidh na hIonaid um Idirlíon Níos Sábháilte agus eagraíochtaí inchomparáide na sochaí sibhialta d’acmhainní airgeadais leordhóthanacha a fháil agus go mbeidh a gcuid oibre bunaithe ar chaighdeáin choiteanna, arna bhforbairt ag saineolaithe. Tá sé sin

ríthábhachtach chun a ngníomhaíochtaí a choinneáil ar bun agus a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear seirbhísí múscailte feasachta, oiliúna agus tacaíochta. Tá cistiú poiblí ríthábhachtach chun neamhspleáchas agus comhtháthú a ráthú.

Ba cheart don chistiú tacú freisin le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar phiarchomhairleoireacht, línte cabhrach, beolínte, acmhainní oideachais, feachtais múscailte feasachta agus gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta. Ba cheart infheistíocht bhreise a dhíriú ar infheictheacht, inrochtaineacht agus raon feidhme na saoráidí sin a mhéadú, lena n-áirítear iad a mhéadú i measc mionaoisigh leochaileacha, agus a dhíriú ar thacú le tionscnaimh lena gcuirtear timpeallachtaí meán sóisialta+ níos sábháilte chun cinn.

- **Cistiú fadtéarmach a chur ar fáil do thaighde fadtéarmach Eorpach ar mhórscála agus leanúint de thacaíocht a thabhairt do thrialacha rialaithe randamaithe.**


  D'fhéadfadh samplaí, amhail *North American Adolescent Brain Cognitive Development (ABCD) Study* [Staidéar Mheiriceá Thuaidh maidir le Forbairt Chognaíoch Inchinne na nÓgánach (ABCD)][5], taighde fadaimseartha Eorpach ar mhórscála a bhaineann le sábháilteacht leanaí ar líne a spreagadh. Tá infhaighteacht fianaise fhadaimseartha Eorpach ar mhórscála (lena gcumhdaítear tréimhse 10 mbliana nó níos faide) tábhachtach chun tacú le cur chuige forbarthach agus néarbhitheolaíoch i leith sábháilteacht leanaí ar líne. Chuideodh sé sin le haghaidh a thabhairt ar bhearnaí i dtorthaí atá comhghaolach den chuid is mó sa chomhthéacs Eorpach maidir leis an tionchar a bhíonn ag úsáid na meán sóisialta agus seirbhísí digiteacha eile ar fhorbairt mionaoiseach, ar shláinte fhisiciúil agus ar mheabhairshláinte mionaoiseach, agus ar a nochtadh do dhíobháil ar líne.

  Tá trialacha rialaithe randamaithe (TRRanna) ríthábhachtach freisin chun an bonn fianaise le haghaidh beartais a neartú. Ba cheart cistiú taighde a bheith ina thacú go sainráite le cineálacha cur chuige forbarthach agus síceapaiteolaíochta lena ndéantar imscrúdú ar shoghabháltacht mionaoiseach i leith rioscaí ar líne, agus iad faoi thionchar tosca sóisialta agus aonair ar feadh na hóige agus na hógántachta.

---

[5] Is é Staidéar ABCD an staidéar fadtéarmach is mó ar fhorbairt inchinne agus ar shláinte leanaí sna Stáit Aontaithe. Leanann an staidéar forbairt iompraíochta níos mó ná 11 000 leanbh idir 9 mbliana agus 10 mbliana d'aois tríd a n-ógántacht go dtí an aosacht luath. Leis na sonraí a bhailítear, beifear in ann caighdeáin bhonnlíne a chruthú d'fhorbairt inchinne ógánach, agus scrúdaítear tionchair an ghnéis, na hinscne, na codlata, na gníomhaíochta coirp agus an ama scáileáin ar fhorbairt ógánach. Cuideoidh torthaí na tuarascála freisin le tuiscint a fháil ar fhorbairt saincheisteanna meabhairshláinte le linn na hógántachta agus ar an ngaol atá acu le mí-úsáid substaintí.

**Fíor 2: An t-éiceachóras a chur i gcothrom: sábháilteacht trí dhearadh i dtimpeallachtaí na meán sóisialta+**



# Sábháilteacht ar líne

LEIDEANNA DO LEANAÍ AGUS DO DHÉAGÓIRÍ

**Bíodh do chearta ar eolas agat** – ná déan dearmad go bhfuil sé de cheart agat a bheith sábháilte agus go gcaithfí leat go measúil ar líne.

**Smaoinigh sula bpostálann tú** – is féidir le grianghraif, físeáin agus nótaí tráchta fanacht ar líne go deo. Ná comhroinn anois ach an méid sin a mbeifeá ar do chompord leis dá bhfeicfeadh daoine eile é sna blianta amach romhainn.

**Cuimhnigh gur uirlis í an intleacht shaorga, seachas fíordhuine** – is féidir leis an IS botúin a dhéanamh agus eolas bréagach, íomhánna, físeáin, guthanna agus teachtaireachtaí bréagacha a chruthú.

**Contúirt a aithint** – stad agus smaoinigh ar iarrataí aisteacha ó 'chairde cairde', tairiscintí 'rómhaith le bheith fíor', nó teachtaireachtaí atá ag iarraidh brú a chur ort cinneadh a dhéanamh.

**Úsáid socruithe príobháideachais agus slándála** – coinnigh do chuntais príobháideach, úsáid pasfhocail láidre, agus cas air gnéithe slándála breise nuair is féidir.

**Fianaise a bhlocáil, a thuairisciú agus a shábháil** – más rud é go bhfuil duine i mbun bulaíochta, sceamála, bagartha nó do do chur ar do mhíchompord, déan iad a thuairisciú agus a bhlocáil, agus coinnigh seatanna scáileán nó teachtaireachtaí.

**Cabhraigh chun an t-idirlíon a dhéanamh níos sábháilte** – foghlaim faoin gcaoi a n-oibríonn aipeanna, cluichí, suíomhanna gréasáin, algartaim agus IS, agus cabhraigh le daoine eile fanacht sábháilte freisin.

**Bí cineálta le daoine eile ar líne** – ba cheart go mbeadh na meáin shóisialta agus an chluichíocht ina n-eispéireas dearfach do chách. De réir mar is toil leat go gcaithfeadh na daoine go measúil leat, caith leo mar an gcéanna.

**Cosain d'eolas pearsanta** – ná comhroinn sonraí príobháideacha amhail d'ainm iomlán, do sheoladh, do scoil, d'uimhir theileafóin, do phasfhocail, nó do shuíomh beo ar líne.

**Ná trust agus ná comhroinn gan seiceáil roimh ré**
– níl gach rud ar líne fíor. Ceistigh gach eolas i gcónaí, go háirithe scéalta, físeáin nó teachtaireachtaí ar ábhar iontais iad, agus seiceáil foinsí iontaofa roimh duit iad a chomhroinnt.

**Ná glac le grianghraif ná le hiarrataí comhrá ó strainséirí** – má tá amhras ort faoi aois nó céannacht duine, iarr ar dhuine fásta a sheiceáil cé hé nó cé hí (nó inis don duine go bhfuil 'do Dhaid/Mham in aice leat' agus féach ar an bhfreagairt).

**Ná comhroinn íomhánna príobháideacha**
– ná comhroinn grianghraif ná físeáin dlúthphearsanta riamh, fiú má chuireann duine éigin brú ort (go háirithe má tá tú faoi bhun 18 mbliana d'aois). Nuair a chomhroinnfear iad, ní bheidh aon smacht agat orthu.

**Inis do dhuine fásta a bhfuil iontaoibh agat ann má mhothaíonn rud éigin mícheart** – níl tú á chur i do thost agus níl tú i dtrioblóid cabhair a iarraidh.

**Bain úsáid as do ghuth** – glac páirt agus múnlaigh todhchaí an tsaoil dhigitigh.

**Drochide ar líne - faigh cuidiú, déan í a thuairisciú!** Tá cuidiú ar fáil ó fhoirne saineolaithe cairdiúla i líonra na nIonad um Idirlíon Níos Sábháilte ar fud na hEorpa. Níl aon fhadhb rómhór ná róbheag.

# Sábháilteacht ar líne

## LEIDEANNA DO THUISMITHEOIRÍ AGUS DO CHÚRAMÓIRÍ

**Cuidigh le do leanbh nósanna sláintiúla scáileáin a fhorbairt** – teorainn a chur le ham scáileáin, ó chosc iomlán ar scáileán a úsáid i gcás leanaí ó 0 go 2 bhliain d'aois, go teorainneacha ama atá oiriúnach ó thaobh aoise de i gcás leanaí suas le 10 mbliana d'aois go 12 bhliain d'aois, agus an úsáid sin faoi do mhaoirseacht. I gcás ógánach ó 13 bliana d'aois go 18 mbliana d'aois, ba cheart teorainneacha ar am scáileáin a phlé fós, ionas go mbeidh go leor ama acu chun staidéar a dhéanamh agus bualadh le cairde i bpearsa.

**Seiceáil go bhfuil aipeanna agus cluichí oiriúnach ó thaobh aoise de** do do leanbh.

I gcás leanaí óga (suas le 12 bhliain d'aois), **níor cheart consóil ná gairis a úsáid ach amháin i láthair duine fásta**.

**Ná lig do ghairis a bheith ann sa seomra folctha, sa seomra leapa ná ag amanna béilí.**

**Tabhair aird ar thon a gcomhráite** ar líne agus le linn cluichíochta. Coinnigh súil amach do bhratacha dearga.

**Caith am le chéile ar líne** – iarr ar do leanbh féachaint ar an ábhar is fearr leis in éineacht leat.

**Ná déan 'a gcuid ábhar' a cháineadh** – cabhraigh le do leanbh a mbreithiúnas féin a fhorbairt (gheobhaidh tú tuairim freisin faoin méid atá á mholadh ag a n-algartam).

**Spreag do leanbh chun labhairt leat má tá imní ar an leanbh faoi rud éigin ar líne – déan do leanbh a chur ar a shuaimhneas go dtabharfaidh tú cúnamh dó, nach gcuirfidh tú an milleán air, nach ngearrfaidh tú pionós air, nó nach mbainfidh tú de an gaireas.**

**Lean ar aghaidh le comhráite** faoi shábháilteacht ar líne de réir mar a théann do leanbh in aois, an tréimhse ó 16 bliana d'aois go 18 mbliana d'aois agus ina dhiaidh sin san áireamh.

**Seachain do chuid smaointe a chomhroinnt** – smaoinigh go cúramach sula comhroinnfidh tú grianghraif nó físeáin de do leanaí nó do dhéagóirí ar líne.
Is féidir le strainséirí agus IS an t-eolas sin a úsáid ar go leor bealaí.

MÚCHTA

**Bí i d'eiseamláir** – ná bí sáite i do ghaireas agus do leanaí i gcóngar. Tabhair an aird atá tuillte acu dóibh agus ná caill amanna agus comhráite tábhachtacha le do leanbh.

**Drochíde ar líne - faigh cuidiú, déan í a thuairisciú!** Tá cuidiú ar fáil ó fhoirne saineolaithe cairdiúla i líonra na nIonad um Idirlíon Níos Sábháilte ar fud na hEorpa. Níl aon fhadhb rómhór ná róbheag.

# Liosta de na moltaí uile ó na Comhchathaoirligh de réir caibidle

**Caibidil 1: Cur chuige forbarthach maidir le sábháilteacht leanaí ar líne**

1. Bearta cosanta leanaí ar líne atá oiriúnach ó thaobh aoise de a cheapadh agus a chur in úsáid
2. Spásanna sábháilte ar líne a áirithiú do mhionaoisigh
3. Mionaoisigh agus a gciorcail tacaíochta a chumasú
4. (0 go 2 bhliain d'aois) - Feasacht na gcúramóirí a mhéadú maidir leis an tábhacht forbartha a bhaineann le hidirghníomhaíocht dhíreach dhaonna, ag tosú sa luath-óige
5. (0 go 2 bhliain d'aois) - Úsáid na meán sóisialta agus seirbhísí digiteacha eile a sheachaint agus nochtadh scáileáin íosta a áirithiú, go háirithe do leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois
6. (0 go 2 bhliain d'aois) - Teorainn a chur le scaipeadh sonraí leanaí ag próifílí meán sóisialta
7. (Idir 3 bliana d'aois agus 12 bhliain d'aois) - Úsáid struchtúrtha faoi mhaoirseacht a áirithiú do leanaí ar líne
8. (Idir 3 bliana d'aois agus 12 bhliain d'aois) - Oideachas digiteach agus folláine ar ardchaighdeán a chur ar fáil do leanaí agus dá gciorcail tacaíochta
9. (13 bliana d'aois go 18 mbliana d'aois) - Úsáid fhéinrialaitheach athraitheach a áirithiú d'ógánaigh ar líne

**Caibidil 2: Fianaise maidir leis na rioscaí a bhíonn roimh mhionaoisigh ar líne**

10. Tógáil ar fhianaise i réimsí nach bhfuil dóthain staidéir déanta orthu chun ceapadh beartas fianaisebhunaithe a neartú
11. Ba cheart do na meáin shóisialta agus do sheirbhísí digiteacha eile páirt ghníomhach a thabhairt do shaineolas acadúil neamhspleách i ndearadh straitéisí agus uirlisí maolaithe riosca
12. Cistiú fadtéarmach a chur ar fáil do thaighde fadaimseartha Eorpach ar mhórscála agus leanúint de thacaíocht a thabhairt do thrialacha rialaithe randamaithe
13. Infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar taighde Eorpach comhroinnte chun rochtain shábháilte ar shonraí mionaoiseach a cheadú

14. Forfheidhmiú na rialacha maidir le rochtain taighdeoirí ar shonraí agus grinnscrúdú ar shonraí a neartú

**Caibidil 3: Mionaoisigh a chosaint i dtimpeallacht meán sóisialta+ atá ag athrú go tapa**

15. Srian rochtana comhchuibhithe uile-Aontais ar na meáin shóisialta agus ar sheirbhísí digiteacha eile a mholadh i dtaobh mionaoiseach faoi bhun 13 bliana d'aois
16. Córais éifeachtacha dearbhaithe aoise a thabhairt isteach chun aois a sheiceáil agus chun taca a chur faoi chineálacha cur chuige atá sábháilte trí dhearadh agus oiriúnach ó thaobh aoise de chun mionaoisigh a chosaint agus a chumasú ar líne
17. Rialacha maidir le príomhghnéithe sábháilteachta i ndearadh na meán sóisialta agus seirbhísí digiteacha eile a leathnú agus a chomhchuibhiú
18. An dualgas cruthúnais a aistriú chuig soláthraithe na meán sóisialta agus chuig soláthraithe seirbhísí digiteacha eile chun a léiriú go bhfuil a dtáirgí agus a seirbhísí sábháilte do mhionaoisigh
19. Acmhainneachtaí forfheidhmiúcháin agus meastóireachta a neartú
20. Bearta a ghlacadh go pras chun a áirithiú go mbeidh oibleagáidí soiléire ar sholáthraithe na meán sóisialta agus ar sholáthraithe seirbhísí digiteacha eile mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc, a bhrath, a thuairisciú agus a bhlocáil, lena n-áirítear na hoibleagáidí soiléire sin i gcás na cumarsáide idirphearsanta.
21. Is féidir leis na Ballstáit srianta breise rochtana réamhchúraim a thabhairt isteach ar na meáin shóisialta agus ar sheirbhísí digiteacha eile ó 13 bliana d'aois
22. Beartais cosanta tomhaltóirí a neartú chun mionaoisigh a chosaint ar líne
23. Faireachán agus meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar thionchar na mbeart atá á gcur chun feidhme
24. Agus sonraí leanaí á bpróiseáil faoi RGCS, ba cheart do na meáin shóisialta agus do sheirbhísí digiteacha eile a áirithiú go dtabharfar tús áite do leas leanaí
25. Cur chun feidhme éifeachtach na Treorach maidir le Dliteanas i leith Táirgí a áirithiú

**Caibidil 4: Mionaoisigh a chumasú chun nascleanúint a dhéanamh go sábháilte sa saol digiteach**

26. Deiseanna sábháilte a leathnú do mhionaoisigh chun páirt ghníomhach a ghlacadh i múnlú thimpeallacht na meán sóisialta+
27. Sásraí gearáin agus cearta tomhaltóirí do leanaí agus d'ógánaigh a neartú

28. Bunú agus úsáid meán sóisialta atá bunaithe ar luachanna an Aontais agus seirbhísí digiteacha eile a chistiú agus a chur chun cinn, inar féidir le mionaoisigh idirghníomhú go sábháilte le chéile
29. Gníomhaíochtaí príomhshrutha oideachais dhigitigh agus litearthachta do mhionaoisigh, tuismitheoirí agus cúramóirí, múinteoirí agus oideoirí
30. Níos mó deiseanna agus bonneagar leordhóthanach a chruthú chun tacú le gníomhaíochtaí as líne
31. Comhchruthú Treoirlínte do Thuismitheoirí a chur chun cinn
32. A chinntiú go dtugtar tacaíocht leanúnach do thuismitheoirí agus do chúramóirí le huirlisí rialúcháin agus maoirseachta úrscothacha agus cothrom le dáta
33. Maoiniú poiblí leordhóthanach agus caighdeáin choiteanna a áirithiú d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus don phiarchomhairleoireacht
34. É a chur ar a chumas don chóras sláinte andúil agus neamhoird mheabhairshláinte eile a bhaineann le húsáid na meán sóisialta agus seirbhísí digiteacha eile a dhiagnóisiú agus a chóireáil
35. Tacú le hoiliúint múinteoirí le go mbeadh litearthacht dhigiteach agus litearthacht sna meáin san áireamh agus chun rannpháirtíocht tuismitheoirí a spreagadh
36. Litearthacht IS a chur chun cinn mar chuid lárnach den oideachas digiteach
37. Ba cheart do scoileanna deiseanna struchtúrtha a chur ar fáil chun feabhas a chur ar mheabhairshláinte agus ar fholláine dhigiteach
38. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ghrúpaí leochaileacha sna freagairtí oideachais
39. Infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar digiteach oideachais atá slán, coisctheach, láidir agus iontaofa

## Críochnótaí – An Brollach

[i] An Coimisiún Eorpach (2026). Deacáid dhigiteach - tuarascáil Eorabharaiméadar - mí Feabhra - mí an Mhárta 2026.

[ii] Uachtaránacht na Danmhairge, Comhairle an Aontais Eorpaigh (2026). Dearbhú na hIútlainne: Saol Sábháilte ar Líne a Mhúnlú do Mhionaoisigh.

[iii] Parlaimint na hEorpa (2025). Mionaoisigh a chosaint ar líne - rún ó Pharlaimint na hEorpa an 26 Samhain 2025 maidir le mionaoisigh a chosaint ar líne (2025/2060(INI)).

[iv] An Chomhairle Eorpach, 2026. Conclúidí ón gComhairle Eorpach, an 19 Márta 2026.

[v] G7 (2026). *Leaders' call on a safer digital space for minors* [Iarrann ceannairí spás digiteach níos sábháilte do mhionaoisigh].

[vi] Children's Hospital of Philadelphia (2026). *Age Limits Alone Won't Fix Smartphone Risks, Suggests Children's Hospital of Philadelphia Study* [Ní Leor Teorainneacha Aoise Amháin Chun Rioscaí Guthán Cliste a Réiteach, Maítear É Sin I Staidéar De Chuid Ospidéal Fhilideilfia]. Ceadaíodh é an 12 Iúil 2026.